Vifax 8 Feabhra 2011
Ardleibhéal

Léirsithe san Éigipt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoin méid atá ag titim amach i gCaireo na hÉigipte faoi láthair.
Sula bhféachann tú ar an tuairisc dean plé ar an méid atá ar eolas agat faoi scéal na hÉigipte go dtí seo.
Déan an t-eolas a phlé sa rang.

Ceist 2 Anois féach ar an mír nuachta. Déan iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo a leanas sa sliocht

Authorities:_____

Egypt:_____

Demonstration_____

Demand:_____

Objection:_____

Violent:_____

Unrest:_____

Stock Exchange:_____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4 *'Briseadh'...'Osclófar'*
Cén ghné den ghramadach a léiríonn an dá fhocal thuas?
Cén aimsir atá i gceist leo?

Abair cén aimsir atá i gceist leis na briathra thíos.

1. Osclaítear
2. D'oscailtí
3. Bhrisfí
4. Déanfar
5. Rinneadh
6. Nitear

Déan iarracht abairt a chumadh san aimsir chuí chun brí na bhfocal a léiriú níos soiléire.

Ceist 5 **'***Éilimh chéanna'*
An tréan nó lagiolra atá i gceist le 'éilimh' thuas?

Déan iarracht na hainmfhocail thíos a chur san iolra agus abair an lag nó tréaniolraí atá iontu.

1. Amhrán *Lag/Tréan*
2. Bróg *Lag/Tréan*
3. Cailín *Lag/Tréan*
4. Leibhéal *Lag/Tréan*
5. Ceann *Lag/Tréan*
6. Ceannaire *Lag/Tréan*
7. Cúl *Lag/Tréan*
8. Iníon *Lag/Tréan*
9. Liathróid *Lag/Tréan*
10. Peann *Lag/Tréan*

Ceist 6 Déan plé nó díospóireacht ar an rún seo a leanas,

Is é an trua nach bhfuil an misneach céanna ag na hÉireannaigh is atá ag na hÉigiptigh, léirsithe a thosú nuair atá droch-cheannaire i gcumhacht.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2
Authorities: Údaráis
Egypt: An Éigipt
Demonstration/Protest: Léirsiú
Demand: Éileamh
Objection: Agóid
Violent: Foréigneach
Unrest: Corraíl
Stock Exchange: Stocmhalartán

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4 Freagraí
Léiríonn siad an saorbhriathar.
Tá 'briseadh' san aimsir chaite agus 'osclófar' san aimsir fháistineach.

1. Osclaítear (Aimsir Láithreach)
2. D'oscailtí (Aimsir Ghnáthchaite)
3. Bhrisfí (Modh Coinníollach)
4. Déanfar (Aimsir Fháistineach)
5. Rinneadh (Aimsir Chaite)
6. Nitear (Aimsir Láithreach)

Glac le freagra ar bith atá feiliúnach

Ceist 5

1. Amhráin ***Lag****/Tréan*
2. Bróga ***Lag****/Tréan*
3. **Cailíní** *Lag/**Tréan***
4. Leibhéil ***Lag****/Tréan*
5. Cinn ***Lag****/Tréan*
6. Ceannairí *Lag/**Tréan***
7. Cúil ***Lag****/Tréan*
8. Iníonacha *Lag/**Tréan***
9. Liathróidí *Lag/**Tréan***
10. Pinn ***Lag****/Tréan*

Is Lagiolra é aon fhocal san iolra

(i) a chríochnaíonn ar chonsan caol (fir, báid, pinn, leathanaigh, crainn, srl.).
(ii) a gcuirtear **a** leis chun an uimhir iolra a dhéanamh (cos- cosa;
Bileog - bileoga; lámh – lámha; duilleog - duilleoga)

Ní lagiolraí iad cinn mar *cathaoireacha*, *glórtha,* etc mar tá níos mó ná **a** á gcur leo san iolra i.e. is **–eacha** nó **–acha** atá á gcur leo. Chun gur lagiolra a bheadh i gceist ní chuirtear leis ach **a** amháin.

Is tréaniolra é aon iolra eile.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola
Thar lear: cé go bhfuil na húdaráis san Éigipt ag iarraidh cúrsaí a chur ina gceart sna cathracha ansin, leanadh leis na léirsithe in aghaidh an rialtais i gcearnóg Tahrir i gCaireo. Ag éileamh go n-éireoidh an tUachtarán Mubarak as oifig atá na léirsitheoirí. Chas rialtas nua na hÉigipte le chéile i gceart den chéad uair inniu, rialtas a hainmníodh nuair a thosaigh an agóid[1] an mhí seo caite.

Siún Nic Gearailt
Coicís níos déanaí[2] agus níl na léirsitheoirí seo ag géilleadh[3]. Cé go bhfuil na léirsithe foréigneacha thart, tá na héilimh chéanna á lorg ag na[4] daoine seo. Tá sia ag iarraidh[5] ar an Uachtarán Hosni Mubarak éirí as. Agus an tArm fós ar shráideanna Chaireo, bhuail rialtas nua[6] an Uachtaráin le chéile den chéad uair i gceart. Briseadh gach éinne[7] a bhí sa rialtas roimhe[8] sin as a bpost nuair a thosaigh an tÉirí amach
I Washington dúirt Barack Obama nach bhféadfadh[9] an Éigipt dul ar ais don tslí ina raibh sí. Tá Caireo agus cathracha móra eile ag iarraidh teacht chucu féin arís tar éis na corraíola. Tá na bainc[10] oscailte arís inniu ach tá go leor scoileanna fós dúnta. Ní osclófar an stocmhalartán ach an oiread go dtí an tseachtain seo chugainn anois.
Cé go bhfuil fonn ar go leor de na léirsitheoirí dul ar ais[11] ag obair, braitheann go leor acu nach bhfuil rogha acu ach fanacht go dtí go bhfuil an méid atá uathu bainte amach acu.

[1] Agóidíocht a deirtear
[2] Níos a dhéanaí deirtear
[3] Ag tabhairt isteach a deir an tuairisceoir, is fearr géilleadh dar liom
[4] aige sna' a deirtear i gcanúint Chiarraí
[5] ag d'iarraidh deirtear
[6] nó a deirtear ina canúint
[7] na héinne deirtear
[8] roimis a deirtear
[9] ná féadfadh a deirtear
[10] Bancanna a deirtear
[11] thar n-ais a deirtear